Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)

15324/23

LIMITE

POLCOM 267
SERVICES 49
FDI 30
COLAC 146

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0259(NLE)

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11505/23 + ADD 1-7 and 11506/23 + ADD 1-7 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile<br>- Glacadh<br>agus<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle

   (a) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (11505/23 + ADD 1-7); agus

   (b) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (11506/23 + ADD 1-7).

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) na tograí thuasluaite ag an gcruinniú a bhí aige an 6 Iúil 2023 agus d'fhormhuinigh sé iad, agus leasuithe i gceist chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh, an 20 Iúil 2023.

PUBLIC

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh a ghlacadh maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11666/23 agus 11668/23 + ADD 1-2
- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa;
- a chinneadh an dréacht-Chinneadh maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 11667/23 agus 11668/23 + ADD 1-2 a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.